

Scoileanna agus Aimsir Chrua

Cuirtear é seo a leanas ar fáil mar threoir do bhainistíocht scoile.

Bí ullamh Bí eolach Bí aireach

Ullmhúchán

Ba chóir do scoileanna measúnú réamh-eachtra a dhéanamh ar cad ba chóir a bheith ann, nó cad a d'fhéadfadh a bheith ann, chun a chinntiú go n-osclófar an scoil má bhíonn aimsir chrua ann. Réimsí le meas is ea cothabháil ar fhoirgnimh agus ar fhónaimh na scoile, leathadh salainn agus grin, agus iompar chuig an scoil agus ón scoil. Ba chóir rochtain a shocrú sa scoil ar raidió ceallra agus ar thóirsí.

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil gach ball foirne cinnte faoin ról agus freagrachtaí le linn aimsire crua lena n-áirítear dúnadh scoile, má tharlaíonn. Ba chóir ball foirne a shannadh le monatóireacht a dhéanamh ar chúinsí aimsire agus le dul i dteagmháil leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le seirbhísí iompair scoile mar is gá.

Nithe is cóir a áireamh i bplean na scoile don aimsir chrua is ea na freagraí agus na ról atá molta le teacht i bhfeidhm má eisiónn Met Éireann foláireamh aimsire ag an leibhéal Dearg.

Cumarsáid

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála cuí acu do na príomhghníomhaireachtaí freagartha dá gceantar, lena n-áirítear an Garda Síochána, briogáid dóiteáin agus údarais áitiúla agus seirbhísí cuí eile. Ba chóir go mbeadh sonraí teagmhála ag scoileanna freisin do na seirbhísí iompair a fhreastalaíonn ar a scoil. Ba chóir na sonraí seo a sheiceáil go rialta agus iad a choinneáil cothrom le dáta.

Ba chóir do scoileanna cumarsáid a bhunú le scoileanna sa chomharsanacht d'fhonn a chinntiú, a mhéid agus is féidir, gur féidir freagra comhaontaithe áitiúil ar eachtraí aimsire crua a chur i bhfeidhm. Nótáiltear, áfach, cé gur féidir le scoileanna i gceantar iarracht a dhéanamh a gcinntí a chomhordú, gur féidir cúinsí éagsúla a bheith ann i scoileanna aonair atá i ngaireacht dá chéile agus, uaireanta, go nglacfaidh scoileanna cinntí éagsúla dá bharr.

Baineann formhór na scoileanna úsáid as seirbhís teachtaireachtaí téacs chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí agus leis an bhfoireann. Is féidir le raidió áitiúil, suíomh gréasáin na scoile nó na meáin shóisialta a bheith úsáideach freisin chun tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoi chúinsí scoil agus faoi dhúnadh scoile, má tharlaíonn a leithéid.

Scrúduithe Stáit

Má bhíonn aimsir chrua ann le linn scrúduithe stáit sceidealaithe, rachaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteagmháil le scoileanna chun rogha socruithe a chur i bhfeidhm.

Foláireamh Aimsire le Stádas Dearg

Beidh gníomh de shaghas éigin le déanamh ag scoileanna mar thoradh ar gach foláireamh aimsire le Stádas Dearg. Ní mór do scoileanna measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag eachtraí aimsire dá leithéid ag cur san áireamh an taithí roimhe seo agus i bhfianaise na comhairle faoin eachtra reatha ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha ina gceantar.

Féadfaidh foláireamh aimsire le Stádas Dearg do bháisteach throm a bheith an-ábhartha má tá an ceantar áitiúil tugtha do thuilte. Féadfaidh foláireamh de Stádas Dearg a bhaineann le leac oighir nó sneachta a d'fhéadfadh balcadh a bheith ina chúis le fadhbanna áitiúla toisc suíomh na scoile agus/nó na bealaí a ghlactar chun an scoil a shroicheadh.

Foláireamh Aimsire le Stádas Dearg don Ghaoth

Ba chóir do scoileanna aird ar leith a thabhairt ar foláirimh aimsire den Stádas Dearg ina ndéantar gaotha láidre nó cúinsí stoirme a thuar. Mar thoradh ar an leibhéal ard éiginnteachta maidir le tionchar na haimsire a bhaineann le foláireamh dá leithéid de Stádas Dearg maidir le cúinsí áitiúla, ba chóir do scoileanna an treoir seo a leanas a úsáid chun cuidiú leo a measúnú a dhéanamh.

Féadfar foláireamh aimsire de Stádas Dearg do chúinsí a bhaineann le gaoth a thabhairt sula n-osclaíonn scoil nó féadfaidh sé tarlú i rith an lae agus an scoil ar siúl.

Réamh-Fholáireamh faoi Stádas Dearg

Agus comhairliúchán déanta ag leibhéal náisiúnta leis an Oifig Pleanála Éigeandála agus na heagrais bhainistíochta do scoileanna, is í comhairle na Roinne Oideachais agus Scileanna do scoileanna ná gur chóir dóibh machnamh a dhéanamh ar gan oscailt má thuartar go mbeidh foláireamh aimsire le Stádas Dearg a bhaineann le gaoth ag tarlúint ag an am céanna leis na tréimhsí ina mbeifí ag súil go mbeadh scoláirí agus an fhoireann ag taisteal chuig an scoil agus ón scoil.

Maidir le cé acu ar chóir don scoil oscailt níos déanaí sa lá má thuartar feabhsú san aimsir, is cinneadh é seo ba chóir a ghlacadh i gcomhairle leis an nGarda Síochána, na húdaráis áitiúla, seirbhísí iompair scoile agus gníomhaireachtaí cuí eile atá lonnaithe i gceantar na scoile.

Foláireamh faoi Stádas Dearg a éiríonn i rith an lae scoile

Má eisítear an foláireamh aimsire le Stádas Dearg maidir le gaoth nuair atá an scoil ar bun cheana féin, agus na scoláirí agus an fhoireann i láthair, ba chóir do bhainistíocht na scoile

teagmháil a dhéanamh láithreach leis an nGarda Síochána, na seirbhísí iompair scoile agus gníomhaireachtaí cuí eile le haghaidh comhairle cé acu an bhfuil sé sábháilte aistear a dhéanamh ón scoil nó cén uair ba chóir d'aistir dá leithéid tosú. Ba chóir smaoineamh freisin faoi shábháilteacht na dtuismitheoirí atá ag tabhairt faoi aistir chuig an scoil chun leanaí a bhailiú.

Más gá cinneadh a ghlacadh ar bhonn sláinte agus sábháilteachta bunaithe ar an gcomhairle atá ar fáil don scoil gur chóir do scoláirí agus don fhoireann fanacht i bhfoirgnimh na scoile le linn foláirimh de Stádas Dearg a bhaineann le gaoth, ansin ba chóir do scoileanna pleanáil d'eachtra dá leithéid trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir freastal ar scoláirí agus ar an bhfoireann laistigh den scoil nuair atáthar ag feitheamh ar fheabhsú san aimsir. Ba chóir cinntí dá leithéid a ghlacadh bunaithe ar shláinte agus ar shábháilteacht na ndaoine uile atá i gceist, ag cur san áireamh na cúinsí aimsire atá ann ag an am agus na cúinsí atá tuartha cóngarach don scoil.

Acmhainní

Tá treoir maidir leis an gcothabháil ar fhoirgnimh agus ar fhónaimh scoileanna ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag

http://www.education.ie/en/School-Design/Technical-Guidance-Documents/pbu_guidance_schools_cold_weather.pdf

Tá treoir do bhunscoileanna maidir le sláinte agus sábháilteacht ar fáil ag

http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Education/Treoirlínte_ar_Bhainistiú_Sábháilteachta_Sláinte_agus_Leasa_i_mBunscoileanna.html

Tá treoir d'iarbhunscoileanna maidir le sláinte agus sábháilteacht ar fáil ag

http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/As_Gaeilge/Treoirlínte_maidir_le_Bainistiú_Sábháilteachta_agus_Sláinte_Cuid_.html (Cuid 1) agus
http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/As_Gaeilge/Treoirlínte_maidir_le_Bainistiú_Sábháilteachta_agus_Sláinte_Cuid_2.html (Cuid 2)

Tá eolas faoin aimsir agus faoi fholáirimh aimsire ar fáil ag

www.meteireann.ie

Tá treoirlínte úsáideacha maidir leis an aimsir agus a bheith ullamh don gheimhreadh ar fáil ag

www.winterready.ie